Mo-chean do theacht, a chláirseach: dán ar chláirseach Aodha Duibh Uí Dhomhnaill (†1537)

Deirdre Nic Chárthaigh

Celtica 38 (2026), 347–359

DOI: 10.58480/SCS-4tnyg-4p672

DIAS
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies

© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies. This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this license, visit https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/

MO-CHEAN DO THEACHT, A CHLÁIRSEACH: DÁN AR CHLÁIRSEACH AODHA DUIBH UÍ DHOMHNAILL (†1537)*

Achoimre

Maireann dán gairid (14 rann) dar tús *Mo-chean do theacht, a chláirseach* in dhá lámhscríbhinn a breacadh sa seachtú haois déag. Cuireadh an dán in eagar in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (Breathnach 1931: 39–40) agus in *Filí agus Filidheacht Chonnacht* (Ó Raghallaigh 1938: 197–99). Dá fheabhas na heagráin sin, níor cuireadh nótaí ná aistriúchán ar fáil, ná ní dhearnadh aon phlé ar chúlra ná ar ábhar an dáin. Tá an dán in eagar agam as an nua san alt seo. Tá cuid de na tagairtí sa dán doiléir, ach déanaim amach gur cumadh é d'Aodh Dubh Ó Domhnaill (†1537) thart ar an mbliain 1512 nuair a rinne sé oilithreacht ar an Róimh. Is é seo an t-aon dán a cumadh ar Aodh Dubh Ó Domhnaill atá tagtha anuas chugainn, go bhfios dom. Tá an dán i measc líon beag dánta i gcorpas fhilíocht na scol ina moltar an pátrún trí mholadh a dhéanamh ar earra dá chuid.

Ábhar agus cúlra an dáin

Ó id ar chláirseach is ea an dán seo agus tá sé ar an líon beag dánta i gcorpas fhilíocht na scol ina ndíríonn an file a mholadh ar earra de chuid an phátrúin. Is mar 'possession poems' a dhéantar rangú ar théacsanna den chineál seo i mBunachar Fhilíocht na Scol.[1] Is díol spéise a laghad dánta den chineál seo atá sa chorpas (dhá cheann déag ar fad a ndéantar an rangú sin orthu).[2] Is ar chláirseacha a cumadh ceithre cinn acu sin: *Mo-chean do theacht, a chláirseach*, *A chláirseach Chnuic Uí Chosgair* (*IBP* Dán 15), *Aithne charad cláirseach Bhriain* (McKenna 1947 Dán 8), agus *Tabhraidh chugam cruit mo ríogh* (Walsh 1933: 113–5).[3] Sa dán seo, déantar pearsantú ar chláirseach an phátrúin agus labhraíonn an file go díreach leis an uirlis. Ciúta liteartha é seo atá coitianta i ndánta den chineál seo agus a fheidhmíonn le tábhacht an earra agus an phátrúin araon a threisiú:

> D'fhéadfaí an chaint dhíreach le hearra an phátrúin a léamh … Ar dtús mar chomhartha ar an tábhacht a shamhlaítear leis an earra, is

*Táim buíoch d'Eoin Mac Cárthaigh, den léitheoir anaithnid agus d'eagarthóirí *Celtica* as a gcuid moltaí le barr feabhais a chur ar an alt seo. Is liomsa gach botún agus dearmad.

[1] https://bardic.celt.dias.ie/?submit=submit&classes=19 (ceadaíodh an 6 Samhain 2025).

[2] Féach Flahive (2007–10: 108): 'Bardic poems focusing upon objects (not including animals) are quite rare, although not unknown in the bardic tradition'.

[3] Déanaim amach go bhféadfaí *Ceolchar sin a chruit mo ríogh* (Walsh 1933: 111–13) a áireamh sa liosta sin chomh maith.

© Dublin Institute for Advanced Studies
https://doi.org/10.58480/SCS-4tnyg-4p672

> é sin go ndéantar pearsantú ar an earra mar chomhartha ar a luach. Sa dara háit, léamh atá gaolta leis sin: féachaint air mar leagan den phearsantú ar bhonn na sineicdicé. Is é sin go labhraítear le giuirléidí an phátrúin in ionad leis an bpátrún féin *pars pro toto*, agus aon mholadh a bhronntar ar an earra tá sé intuigthe go bhfuil sé bronnta ar an bpátrún … (Whelton 2008: 90)[4]

Is dóigh liom go bhféadfaimis an dán seo a léamh ar an dá bhealach sin; mar léiriú ar thábhacht agus ar luach na cláirsí sa tsochaí agus ar thábhacht an phátrúin araon.

Is d'Aodh Ó Domhnaill éigin a cumadh an dán seo (11a; 4d) agus déanaim amach gurb é Aodh Dubh Ó Domhnaill a bhásaigh sa bhliain 1537 atá i gceist. Tugtar na teidil seo a leanas ar an bpátrún sa dán: *rí bin*n *Boirc*[*h*]*e* (1c), *Ó Do*m[*h*]*naill Daoile* (4d), *rí mīolla Muaidhe* (5a), *rí cnisgheal ó cConuill* (6c), *leómhan Locha hĒirne* (9d), *an tAodh Eanghach* (11a). Tá a fhios againn gur samhlaíodh Aodh Dubh leis an gceannaire tuartha Aodh Eanghach lena linn.[5] Féach an cur síos seo a dhéantar air tar éis a bháis in *ALC* agus in *AC*:

> ocus do saeiledh gur b'é an t-Aedh Eanccach do tairngedar fáidhi ocus fissidh é.
>
> 'And it was thought that he was the Aedh Engach whom prophets and wise men had foretold.' (*ALC* 1537)
>
> et ni heth fós acht do saoil*edh* et do creid*edh* co mor do rer thairng*ir*i na Naomh et na comarrtha cosm*aile* t*ar*la air fein et aran aimsir rea linn gurb e-sin int Aodh Engach do gelladar fáithi ⁊ fis*idh* ⁊ ardnaoim eol*chu* Er*enn* do thecht a ndeir*edh* aimsire, et o nárb é ni shaoílim a thecht co bruinne mbráthu et co deóigh an doman.
>
> 'Moreover it was thought and widely believed, according to the prophecies of the Saints and the likely signs that appeared in him and in his time, that he was that Aed Engach whose coming late in time the prophets and seers and great learned Saints of Ireland had promised; and since he was not, I do not think [that Aed] will come till the day of doom and the end of the world'. (*AC* 1537.10)

Ní thugtar mórán sonraí faoin bpátrún sa dán, ach déantar tagairt d'oilithreacht a rinne sé chun na Róimhe *ag íoc ceana a chloidh*imh (11c), agus déantar tagairt do Londain chomh maith (12ab). Tá a fhios againn go ndeachaigh Aodh

[4]Luann Whelton an tríú feidhm a d'fhéadfadh bheith leis an gcaint neamhbheo le hearra chomh maith: 'Sa tríú háit toisc gurb é an rud dodhéanta atá á dhéanamh nuair a labhraítear le rudaí atá gan cumas éisteachta agus tuisceana sa saol mór d'fhéadfaí a rá go ndéanann an file iarracht gnáthdlíthe na cumarsáide a shárú sa chaint le rudaí neamhbheo … Tugtar 'tú' ar an rud, ach fanann an rud ina rud i gcónaí, agus bheadh an file ag cur béime ar a chumacht chun teagmháil litriúil a dhéanamh le rudaí neamhbheo' (Whelton 2008: 90).

[5]Is iomaí duine a samhlaíodh le hAodh Eanghach i bhfoinsí stairiúla agus sa dán díreach, ar ndóigh. Féach Ó Buachalla (1989: 202).

Dubh Ó Domhnaill ar oilithreacht chun na Róimhe sa bhliain 1510 tar éis dó blianta a chaitheamh i mbun cogaíochta, agus gur chaith sé tréimhse i Londain agus é ag dul anonn agus arís agus é ar an mbealach ar ais go hÉirinn. Tugtar cuntas ar imeacht Aodha chun na Róimhe sna hannála:[6]

> O Domhnaill Aodh mac Aodha Rúaidh do dhol don Róimh dia oilithre, ⁊ an ccein do bhai amuicch battar a rann ⁊ a charaid i mbrón, i ndoghailsi, ⁊ i ndoimhenmain ina dheadhaidh, ⁊ Maghnas Ó Domhnaill a mhac d'fhagbháil dó ag iomcosnamh an tíre an ccein no bhiadh ina féccmais.
>
> 'O'Donnell (Hugh, the son of Hugh Roe), went upon a pilgrimage to Rome. While he was abroad, his adherents and friends were in grief and sadness after him; and his son, Manus O'Donnell, was left by him to protect the country, while he [himself] should be absent from it.' (*AFM* 1510)
>
> hUa Domnaill, idon, Aodh, mac Aodha Ruaidh, tigerna Tíre-Conaill ⁊ Ichta[i]r Chonnacht & Ceniuil Moain ⁊ Innsi-hEoghain ⁊ Fer-Manach, do dhol a lár a aisi ⁊ a neirt, d'aindeoin gach aín, d'á oilithre docum na Romha.
>
> 'Ua Domnall, namely, Aodh, son of Aodh the Red, lord of Tir-Conaill and of Lower Connacht and of Cenel-Moen and of Inis-Eogain and of Fir-Manach, went in the midst of his age and power, in despite of everyone, on a pilgrimage to Rome.' (*AU* 1510.5)

Déantar cur síos ar fhilleadh Uí Dhomhnaill ar Éirinn sna hannála chomh maith, agus insítear dúinn gur thug sé cuairt ar Rí Shasana agus é ar an mbealach ar ais go hÉirinn. Is mar cúis cheiliúrtha a dhéantar cur síos ar a fhilleadh ar Éirinn:[7]

> O Domhnaill Aodh mac Aodha Ruaidh do thoidheacht ón Róimh iar fforbadh a oilithre iar mbeith sé sechtmhaine décc hi Londain acc dol soir, ⁊ sé sechtmuine décc ele acc teacht anoir. Fuairsiomh dna onoir ⁊ airmhidin ó Righ Saxan King Hanri, táinic iaramh slán co hErinn, ⁊ baoí lé hathaidh hi ffiabhrus san Midhe, ⁊ iar ffaghbháil sláinte dó táinicc dia thicch, ⁊ bá subhach forbfaoiligh cealla ⁊ tuatha dia thoidhecht.
>
> 'O'Donnell (Hugh, the son of Hugh Roe) returned from Rome, after having finished his pilgrimage, and having spent sixteen weeks in London on his way to Rome, and sixteen weeks on his return. He received great honour and respect from the King of England, King Henry. He arrived safely in Ireland, but was for some time [lying] ill of a fever, in Meath. On recovering his health, he went

[6] Féach freisin *ALC* (1510.3) agus *AC* (1510.7).
[7] Féach freisin *ALC* (1512.1) agus *AC* (1512.2).

> home to his house; and the clergy and laity were glad and joyous at his return.' (*AFM* 1512)
>
> O Domnaill, idon, Aodh, do thecht o'n Roim, iar faghail morain cunntaberta ar muir ⁊ ar tir ⁊ ar faghail grás mór ⁊ loghaid na n-uile pecad o'n Pápa. Ocus fuair a cuairt co h-onorach ac dul ⁊ ac teacht ac rígh Saxan ⁊ fuair tinnlaici móra; óir ní minic fuair nech d'ár' fhácaib Éire lethéd na h-onora fuair o'n rígh. Ocus tainic a tír a Cairlind ⁊ sé tend o fhiabrus & do bí a fad 'n-a luighi 'sa Midhe ⁊ tic slán d'a thigh a cenn bliadhna co leth o'n uair fá'r' imdhigh.
>
> 'O'Domnaill, namely, Aodh, came from Rome, after experiencing much danger on sea and on land and after obtaining great favours and plenary Indulgence from the Pope. And he received honourable reception in going and in returning and got large donatives from the king of the Saxons; for not often did any one that left Ireland receive an equal amount of honour as he got from the king. And he came to land in Cairlinn and he prostrate [*lit. violent*][8] from fever and he was long lying [*ill*] in Meath and came safe to his house at the end of a year and a half from the time in which he went.' (*AU* 1511)

Déanaim amach go mb'fhéidir gur cumadh an dán seo mar cheiliúradh ar fhilleadh Aodha go hÉirinn. Cuireann an fáiltiú ag tús an dán (*Mo-chean do theacht*) taca faoin léamh sin ar an dán.

Níl dán ar bith ar Aodh Dubh Ó Domhnaill ar marthain go bhfios dom. Is díol spéise, áfach, go bhfuil sé i measc na bpearsan stairiúla ar a dtugann an Ceithearnach cuairt i leaganacha áirithe den scéal próis *An Ceithearnach Caoilriabhach*, agus go n-aortar a chuid cláirseoirí ann (O'Grady 1892: i, 276–7; ii, 312–13).[9]

Apalóg

Tá apalóg ghairid sa dán (ranna 7–10) faoi 'ghléastóir' Albanach a mhair in aimsir Cholm Cille darbh ainm mac Samháin, a raibh sé de bhua aige *gléas* (nó tiúnáil) a chur ar chláirseach a mhairfeadh bliain iomlán. Ní heol dom foinse an scéil seo. Mar a deir Ó Caithnia (1984: 170), is cosúil go mbíodh stádas cuibheasach ard ag gléastóirí sa tsochaí Ghaelach.[10]

[8] Déanaim amach nach é *teann* (*eDIL* s.v. 1 *tend*) atá i gceist anseo, ach *teinn* (*eDIL* s.v. *tinn, teinn*) 'sick'.

[9] Aodh Ruadh Ó Domhnaill, seachas Aodh Dubh, a luaitear i leaganacha áirithe den scéal, áfach. Féach Ní Bhuachalla (2025: 88).

[10] Luann Ó Caithnia an tagairt seo do ghléastóir sna hannála: *Aed mac Duinn h. Sochlachan airchinnech Cunga, sai chantuirechta & certglesae & glesa crot* 'Aed son of Donn O Sochlachain, erenagh of Cong, a man eminent for chanting and for the right tuning of harps' (*AC* 1226). N'fheadar an ionann *certglesae* agus *glesa*, faoi mar a thugtar le tuiscint san aistriúchán.

An file

Is ar fhile darb ainm Cian Ó hUiginn a leagtar an dán seo i Leabhar Uí Chonchubhair Dhoinn. Ní mhaireann aon dán eile leis an bhfile seo, go bhfios dom.[11] Leagtar an dán ar Mhaol Muire Ó hUiginn, easpag Thuama, i lámh níos déanaí sa lámhscríbhinn chéanna (a*cht* Maolmuire ua huigin*n* .i. *air*d Esbag Tua<…>), agus leanann Ó Raghallaigh an údarthacht sin ina eagrán siúd den dán. Is cosúil gur bhásaigh Maol Mhuire Ó hUiginn *c.* 1590. Más fíor gur cumadh an dán seo *c.* 1512, bheadh sé an-óg agus an dán seo á chumadh aige.

Lámhscríbhinní

Tá an dán seo ar marthain i bpéire lámhscríbhinní a breacadh ar an Mór-Roinn sa seachtú haois déag.

C: Teach Chluain Mhalais, Leabhar Uí Chonchubhair Dhoinn, fóiliónna 173v–174r: Scríobh Aodh Ó Dochartaigh an lámhscríbhinn seo do Shomhairle Mac Domhnaill idir Eanáir agus Nollaig na bliana 1631.[12] Is in Ostend a bhí sé i mbun pinn. Tá an dán ar marthain ar fhóiliónna 173v–174r. Tá sé i rannóg den lámhscríbhinn ina bhfuil dánta ar Chlann Dálaigh ar marthain.[13]

D: Leabharlann Ríoga na Beilge LS 6131–33 (Leabhar Inghine Í Dhomhnaill), fóilió 60v: Cuireadh an lámhscríbhinn seo i dtoll a chéile do Nuala Ní Dhomhnaill idir na blianta 1622 agus 1640 (Ó Macháin 2007/8: 40–1). Dánta ar Chlann Dálaigh is mó atá ar caomhnú inti.

An t-eagrán seo

Is beag idir téacs an dáin sa dá lámhscríbhinn. Is fearr léamha C uaireanta (m.sh. 1d *cuir is* (C); *cuireas* (D); 8b *saormhacámh* (C); *faoi macamh* (D)) agus uaireanta eile is fearr léamha D (m.sh. 4c *do co*mh*roin*n (C); *dá ccomhroin*n (D)). Tá focail in easnamh ar D anseo agus ansiúd (m.sh. 12b), agus mar sin bheartaigh mé an t-eagrán a bhunú ar C. Tugaim léamha malartacha ó D.[14]

Tá scaradh na bhfocal agus an phoncaíocht tugtha chun rialtachta agam. Scaoilim noda i gcló iodálach agus tá litreacha breise curtha ar fáil agam idir lúibíní cearnacha. Tá suíomh na síntí fada laistigh de shiollaí tugtha chun rialtachta agam, agus tá síntí fada atá in easnamh curtha ar fáil agam le macrain. Baineadh sínte fada de na défhoghair ía, úa agus áoi. Is mar *e* nó mar *ea* a scaoilim 'e ard' de réir mar is cuí.

[11]Tuairimíonn Knott go mb'fhéidir gurb ionann an Cian Ó hUiginn seo agus 'Kian O Higgen' ar tugadh pardún dó sa bhliain 1593 (*TD* ii 308).

[12]Déantar cur síos ar ghnéithe éagsúla den lámhscríbhinn seo in Ó Macháin (2010).

[13]Tá tras-scríbhinn den fhinné seo ar fáil i leabhar nótaí de chuid E. C. Quiggin atá ar caomhnú i Leabharlann Náisiúnta na hAlban anois (LS 14872) agus in ARÉ 3 C 12 (625), tras-scríbhinn Uí Chomhraí de Leabhar Uí Chonchubhair Dhoinn.

[14]Ní chuirim na nithe seo a leanas san áireamh: noda a bheith ann nó as, sínte fada nach bhfuil aon amhras ann fúthu, malartuithe comónta litrithe, séimhiú i lár nó ag deireadh focail.

Meadaracht an dáin

Is in *rannaíocht bheag*, *ógláchas* a cumadh an dán seo.

- Tá cinnteacht siollaí i ngach líne cé is moite de línte 7a, 12c agus 13a. Pléim na cásanna seo sna nótaí téacsúla.
- Faightear cuibheas deiridh (comhardadh slán nó comhardadh briste) idir línte b agus d i ngach rann.
- Faightear aicill i ngach leathrann. Comhardadh (slán nó briste) atá i bhformhór na leathrann, ach faightear dhá shampla de chuibheas níos scaoilte i rann 6 (*míosa* : *síthe* agus *cconuill* : *urruim*).[15] Tá aicill ar iarraidh i líne 12d, ach tá líon na siollaí as riocht i líne 12c, agus mar sin ní féidir bheith cinnte céard a bhí ag údar an dáin.[16] Cuibheas scaoilte (*amas*) atá in aicill 10cd (*foll*us : *nod*). Déanaim amach gur botún seachadta is cúis leis an neamhréireacht seo a thagann salach ar na samplaí eile (agus, go deimhin, a sháraíonn na rialacha meadarachta), agus tá coigeartú déanta agam dá réir (*foll*us : *noda*).[17]
- Is minic a fhaightear uaim sa dán seo, cé nach bhfuil a leithéid riachtanach in *ógláchas*.

Teanga

Tá teanga an dáin clasaiceach den chuid is mó. Déantar plé ar nithe ar leith ar díol suntais iad sna léamha.

Téacs

1. Mo-chean do thea*cht* a chláirs*ea*c[h],
   a-t*ú*-sa fáilt*ea*c[h] romhad;
   do sh[e]in*n* ort rí bin*n* Boirc[h]e
   cuir is puirt, coirche is co*m*[h]ad.

Aistriúchán

1. I welcome you, O harp, your arrival is joyous; the melodious king of the Mournes once played melodies and tunes, [and] chords and metres upon you.

Léamha lámhscríbhinne

1a. D clairseach, romhatt; 1c. D do sin*n*; 1d. cuir is] D cuireas, D comhatt

[15] D'fhéadfaí comhardadh slán a chur ar fáil sa dá chás sin ach *síotha* (: *míosa*) a léamh in áit *síthe*, agus *orruim* (: *cConuill*) a léamh in áit *urruim*. (Féach go dtugtar na foirmeacha seo a leanas in *IGT* ii *uirrim*, *oirim* (§13) *urraim*, *uirrim*, *oirim* (§42). Glacaim leis, dá ainneoin sin, go gceadaítí an fhoirm *orraim*, cé nach bhfuil sampla ar bith le deimhniú meadarachta ar m'eolas). Ní chuirim na coigeartuithe seo i bhfeidhm ós rud é nach sáraíonn na samplaí d'uaithne na riachtanais mheadarachta.

[16] Déanaim plé ar an sampla seo sna nótaí téacsúla.

[17] Tabhair faoi deara, áfach, go bhfaightear a leithéid sa rannaíocht dhéanach.

2. Mór n-adhbhann ria*m*[h] go roicheól
do rin*n* bhoigmheóir mhaoith m[h]*ear*dha,
ort a c[h]*ru*it ghléusda g[h]uithbhin*n*,
do s[h][e]in*n* cioth s*ru*ithbhin*n* seanma.

3. Sgotha sgolārdha sgia*mh*dha,
cuir is puirt, stialla amh*ra*,
do s[h][e]in*n* ort rí fial Fin*n*e,
caointéada bin*n*e balbha.

4. Dán co*m*[h]ráidh daingean, duana,
is laoidhe suarca saoire;
meinic réd bog dá gcomhroinn
's réd c*ru*aidh Ó Do*m*[h]naill Daoile.

5. Fāgbhais rí mīolla Muaidhe
suantairghléas suaimhneach ortsa,
a c[h]o*mh*dha na ccor nglēasda;
's é m*ur* an ccéadna a-nosa.

6. Trí bl*iadh*na is teóra míosa,
do chuir glés síthe seanma
ort rí cnisgheal ó cConuill,
fuair urruim gacha tean*n*ta.

2. He played many a strain of great music [and] sweet-streaming shower of music upon you with the tip of [his] tender, soft, lively finger, O tuned, sweet-voiced harp.

3. The generous king of the River Finn played learned, beautiful utterances, melodies and tunes, and wonderful lines of verse (?) [on your] sweet, muted strings.

4. Eloquent, well-constructed poetry, praise poems and sweet noble lays; Ó Domhnaill of the Deel often played easy and difficult material.

5. The gentle king of the Moy left a soothing *gléas* upon you, O protector (?) of the perfectly-pitched tunes, so it is now again.

6. For three years and three months the fair-skinned king of Conall's descendants, who won respect from every battle, put a mystical melodious *gléas* upon you.

2a. C nádhban*n*; 2b. D boigmhéoir, D maoit, D m*ear*da; 2c. D glesda, D guthbin*n*; 2d. D do sin*n*, D cith; 3a. C Sccotha; 3b. D cuiris; 3c. D do sin*n*; 4a. D Dan; 4b. is] C ⁊, C shaoíre; 4c. D minic, D r*éad*, C do co*mh*roin*n*; D da ccomhroin*n*; 4d. D sr*éad*; 5b. C súaint*ear* ghlés, D suant*ur*gles; C súaithn*idh*, D suaibhneach; 5c. D comda; 5d. D se m*ur* an anosa; 6a. C míosha; 6c. C ccnisgeal, D cnisgeal

7. Do-chuala go raibhe romhuin*n*,
a n-ai*m*sir Coluim C[h]ille,
glēastóir a mhaca samhla,
do-níodh cuir chalma chlisde.

8. Mac Samháin do char ban*ntracht*,
saormhacámh Alban āille;
a ghlés dīog*rais*ea*c*[h] diamhair,
do-bhīoth bliadhain ar chláirsigh.

9. Mac Samhāin fīrg[h]*rinn* fosaidh,
a*cht* g*ēr* chosm[h]uil a ttréidhe,
samhail dā chéile ar eól*us*,
ē is leómhan Locha hĒirne.

10. Nī as sia nī leanfa misi
sdair an laoich chliste cheōlch*air*;
in gach sgél bhíos go foll*us*,
's lór noda do na heōlc[h]uib[h].

11. An tAodh Eanghach séimh sona,
a sdéd ag f*ro*m[h]ad[h] róda,
ó [a]-tá ag íoc cheana a chloidhi*mh*,
rāinig roi*m*[h]i raon Rómha.

7. I heard that there was before, in the time of Colum Cille, a tuner to equal him who used to play vigorous, complicated melodies.

8. Mac Samháin, the beloved of women, the noble youth of lovely Scotland: his enduring, mysterious tuning used to last a year on a harp.

9. Though their accomplishments are similiar, the precise, steadfast mac Samháin and the lion of Loch Éirne are [also] matched in knowledge.

10. I will not trace the history of this skilled, musical hero any longer; [as] in every obvious case, a hint is enough for those in the know.

11. Since the gentle, prosperous Aodh Eanghach is compensating for the deeds of his sword, the path to Rome has opened in front of him, his steed testing the path.

7b. D cille, 7c. D macasamhla; 7d. D calma, D clisde; 8b. D faoi macamh; 8c. D a gles, D diamh*ar*; 8d. D do biodh, D bliagui*n*, D clairsigh; 9a. C fosaigh, D foss*aidh*; 9b. D cosmhuil, D ttréighe; 9c. D ceile; 9d. is] D as, C leóghan; 10a. C meisi; 10b. C stair, D laoigh, D clisti, D ceolchuir; 10c. D an*n* gach, D bios; 10d. 's lór noda] C ní beag nod; D is lor nod; 11b. CD stéd; 11c. D o thá, D ceana, D cloidhimh; 11d. D ranic

12. Cruit deislín duinn a Lon[n]doin
'na ghlaic c[h]orrbhuig úir fhéta;
re faoidhe a chu[i]r chinīl
ní fearr … do*m* b[h]réagad[h].

13. Ní mé díogha do chléir Bhanbha,
'sam saoi, niam da*m*[h]na duadha,
do-b[h]*eir* mo s[h]eisi i subha
mo c[h]r*oidh*e g*us*m[h]*ur* g*ru*amdha.

14. Íosa agus Matha milis,
San Séam is Pilip amhra,
Colum is Mārtain mīliodh,
go ttí do dhídion m'an*m*o.

12. A harp of lovely brown strings from London in his soft-fingered, fresh, steady hand; … enticing me with the sounds of his familiar melody (?).

13. I am not a dreg of Ireland's poets, I am a sage, I am not destined for failure (?); my companion brings my mournful gloomy heart into gladness.

14. May Jesus and sweet Matthew, Saint James and wonderful Philip, Colum and Martin the soldier come to protect my soul.

12a. CD deislin*n*, C dúin, D duin*n*, CD os, D lunduin; 12b. D na glaic uir fhedta [agus spás fágtha ag an scríobhaí idir *glaic* agus *uir*]; 12c. D a cuir cinil; 12d. …] CD dinis, D bréaga; 13a. Ní mé] D is me; díogha] C diú, D diu, D cleir; 13b. C sum, D saoidh, D niom, C *nia*m**; 13c. D do ber, D seisi, i subha] CD a subd*ur*; 13d. D croide; 14a. agus] C is, D ⁊; 14c. CD Coluim, D mil*idh*; 14d. D go ttid, D do didean, D mhanma

Nótaí

1c. do sh[e]in*n*: Tá *do s(h)in*n na lámhscríbhinní coigeartaithe agam go dtí *do sh*[*e*]*in*n (anseo agus in 2d agus 3c). Tá an fhoirm *do s(h)inn* coitianta i lámhscríbhinní ach ní heol dom sampla ar bith le deimhniú meadarachta. Bheimis ag súil le *do sheinn* sa réim chlasaiceach (féach *IGT* iii §76).

rí bin*n* Boirche: *Onom.* s.v. *bairrche* 1; *HDGP* ii s.v. *Boirche* (1). Is mar aidiacht atá *binn* á léamh agam sa líne seo. Tá seans ann, áfach, gurb é *rí Beann mBoirche* a bhí ag údar an dáin (*Onom.* s.v. *benn boirche*).

1d. cuir is puirt: Is mar théarma ginearálta do cheol a thuigim an focal *cor*. Féach an sainmhíniú seo i ngluais Uí Chléirigh: *cor .i. ceol* 'music' (Miller 1879–80: 390). Is léir brí ghinearálta leis an téarma ó na comhthéacsanna éagsúla ina bhfaightear é; féach mar shampla go n-úsáidtear 'cor' le cur síos a dhéanamh ar cheol na n-éan sa leathrann *Mo laegh mo lon labras go ciúin* / *ag senm a chor* 'My beloved [is] my blackbird who speaks softly / while singing its tunes' (*IGT* V §61; Ó Riain 2025: 106–7).

Tugtar le tuiscint san fhoclóir gur brí dhéanach leis an bhfocal *port* is ea 'a tune, melody' (*eDIL* s.v. 2 *port*). Tá sampla den fhocal leis an gciall sin sa téacs *Bás Cearbhaill agus Farbhlaidhe* a cumadh, is cosúil, uair éigin idir 1406 agus 1555: *Glacais Cearbhall a chruit 7 sinnis cuir 7 puirt adhbhainn* (Ní Laoire 1986: 46).

Tabhair faoi deara go bhfuil foirmeacha an ainmnigh (*cuir* agus *puirt*) in áit an áinsígh ceart sa leathrann seo; féach *BST* 70b.2–37.

1d. coirche: Pléitear brí an fhocail seo in Nic Chárthaigh (2023), agus Breatnach (2023) á leanúint ag an údar. Tá an fhoirm *coirche* (seachas *cairche*) deimhnithe ag an meadaracht i ndánta eile; m.sh. *coirche* (: *oidhche*) (McKenna 1951: dán 18); *coirche* (: *fhoirfe*) (McKenna 1951: dán 16).

1d. comhad: Is éard is *comhad* ann leathrann deireanach i rann, ach is léir go bhfuil brí níos leithne leis sa chomhthéacs seo. Faightear an focal leis an mbrí 'filíocht' go coitianta san ochtú haois déag: 'Baineann filí na hochtú aoise déag (Sean na Ráithíneach, P. Mac Gearailt, Eón Rua, T. Gaelach, agus mar leanas) brí níosa fhairsinge as an bhfocal, .i. ceathrú, rann, déantús filíochta' (Breatnach 1958–61: 164). Féach an sampla seo ag Ó Bruadair: *Tuigseach cúmhtha ciuil is cómhad* 'Proficient in music and metre' (Mac Erlean 1913: 228–9). Níl an consan neamhshéimhithe deimhnithe ag an meadaracht ach féach litriú lámhscríbhinn D *comhatt*. Féach freisin *eDIL* s.v. 3 *comad* 'with unlen. -d'.

2c. Maidir leis an aistriúchán 'tuned' ar *ghléusta* féach Nic Chárthaigh (2023: 6).

3b. Táim in amhras faoi bhrí an fhocail *stialla* sa chomhthéacs seo, ach is léir gur ag déanamh cur síos ar cheol atá sé. An bhunbhrí atá leis an bhfocal ná 'strip, panel' (*eDIL* s.v. *stíall*), agus b'fhurasta a shamhlú go bhféadfaí an bhrí 'líne (filíochta)' a bhaint as dá réir (cf. freisin *Ó Dónaill* s.v. *stiall* (b) 'piece, part'). Tá sampla den chineál céanna forbartha séimeantaí le sonrú ar bhrí an fhocail *stave* sa Bhéarla. Brí amháin a bhí leis an bhfocal, 'each of the thin, narrow shaped lengths of wood which are fitted tightly together to make the sides of a wooden barrel …', agus brí eile 'A section or division of a poem, song, etc.' (*OED* s.v. *stave*).

4d. Ó Do*m*[h]naill Daoile: An Daoil i gCo. Dhún na nGall (*Onom.* s.v. *dael 1*). Féach sampla eile den teideal 'Ó Domhnaill Daoile' i ndán a chum Eóghan Ruadh Mac an Bhaird do Rudhraighe Ó Domhnaill (d. 1608): *iomdha anoss fá dhoghruing de,* / *'s ní a los Í Dhomhnuill Daoile*, 'many now are afflicted, and not (merely) because of O'Donnell of the Deel' (*IBP* dán 4.15cd).

4cd. Tá neart samplaí den aidiacht 'bog' leis an gciall 'easy, simple' sa chorpas. Déantar cur síos ar dhán simplí mar dhán *bog* sa dán *A mhacaoimh dhealbhas an dán* cuirim i gcás: *Dar do láimh, a dhuine ghrinn,* / *is tú féin do mhill bhur modh* / *mar nach tángais fear-mar-chách* / *ar cuairt chugam le dán bog* '(I swear) by your hand, my fine fellow (that) it is you yourself who has spoiled your performance, because you did not come like any ordinary man to visit me bringing a facile poem' (Ó Háinle 1985: 18–19; rann 6). Ar an gcaoi chéanna, glacaim leis gurb éard is brí le *cruaidh* sa chomhthéacs seo 'difficult'.

Ba litriúla 'often shared/bestowed' mar aistriúchán ar '*meinic … dá gcomhroinn*'.

5b. Is léir go bhfuil bríonna éagsúla leis an bhfocal *gléas*. Brí amháin atá leis ná 'tiúnáil' (féach ranna 7 agus 8). Brí níos doiléire atá leis sa chomhthéacs seo (agus i rann 5) agus níl sé aistrithe go Béarla anseo agam dá réir sin. Is mar 'mode of playing' a aistrítear in amanna é (féach *eDIL* s.v. *gléas* (d)), ach táthar in amhras faoina chirte agus atá an téarma 'mód' le cur síos a dhéanamh ar cheol na cláirsí Gaelaí.

Faightear an comhfhocal *suantar* + *gléas* mar ainm ar shreang ar lir a bhí ag Scathach in *Duanaire Finn* (*DF* I ll. 90–4; féach freisin Kelly (2025: 200–1)).

D'fhéadfaí glacadh le léamh C, *súaithn*idh, anseo chomh maith, ach dar liom gur fearr a dhéanann *suaimhneach* cur síos ar *suantairghléas*.

5c. Táim in amhras faoin mbrí atá leis an gceathrú seo. Seans go bhfuil an léamh lochtach agus go raibh *cumhdach* ag an bhfile: *ag cumhdach na ccor nglēasda*, 'composing the perfectly-pitched tunes'.

6a. Ainmneach iolra atá ar lorg *teóra* in *teóra míosa* (6a). Bheimis ag súil le ginideach iolra (*teóra míos*) sa teanga chlasaiceach (féach *SnaG* IV §8.3). D'fhéadfaí *trí míosa* a léamh in áit *teóra míosa* gan an mheadaracht a chur as riocht.

7a. Tá an iomarca siollaí sa cheathrú seo. D'fhéadfaí *Do-clos* ('it was heard') a léamh in áit *Do-chuala* ('I heard'), nó an fhoirm iarchlasaiceach *raibh* a léamh in áit *raibhe*.

7b. D'fhéadfaí an easpa séimhithe ar lorg ainmfhocal sa tabharthach uatha in *a n-aimsir* ***C****oluim C*[*h*]*ille* a thuiscint mar shléagar (Mac Cárthaigh 2015).

7d. Faightear an t-ainmneach iolra *cuir* i suíomh áinsígh anseo.

11c. Is cosúil go ndeachaigh Aodh Dubh Ó Domhnaill chun na Róimhe tar éis dó feachtas míleata a reáchtáil i gcoinne na mBrianach: 'In 1510 Aodh accompanied Kildare on an expedition to Munster against their common enemy O'Brien of Thomond. Aodh distinguished himself in battle when Kildare's rearguard was ambushed by O'Brien at Monabraher, near Limerick city. However, this seems to have been a very close call for Aodh: he decided to go on a year-long pilgrimage to Rome, in thanksgiving for having come through the battle' (McGettigan 2009).

12. Tá deacrachtaí téacsúla ag baint leis an rann seo (féach thíos) agus táim in amhras faoin aistriúchán dá réir. B'fhéidir go bhféadfadh léamh eile bheith i gceist: *Ní fearr cruit deislín duinn a Lonndoin 'ná* [*a*] *ghlac …* 'A harp of lovely brown strings from London is no better than his hand …'

12ab. Déanaim amach gurb é an comhfhocal *deas* + *líon* atá againn i líne 12a, agus gur tagairt atá anseo do shreanga na cláirsí.

12cd. Tá an leathrann seo truaillithe sna lámhscríbhinní agus táim in amhras faoin téacs agus faoin aistriúchán dá réir sin. Tá siolla ar iarraidh in 12c sa dá

lámhscríbhinn (C *re faoidhe a chur chinil*; D *re faoidhe a cuir cinil*). Tá seans ann, áfach, nár bádh na gutaí.

Ní thuigim an léamh *dinis* (CD). B'fhéidir gur cheart *d'innisin* a léamh, ach ní dhéanfadh sé aicill le *chiníl* agus chuirfeadh sé líon na siollaí as riocht. Ní fheicim aon réiteach ar na deacrachtaí seo agus, mar sin, tá bearna fágtha sa téacs agam.

13a. Tá siolla sa bhreis sa cheathrú seo. D'fhéadfaí é seo a thabhairt chun rialtachta ach *niam* a léamh in áit *Ní mé*.

13b. Ba litriúla 'and I am not an heir of bad fortune' mar aistriúchán ar *niam da*m[*h*]*na duadha*.

13c. In áit *mo s*[*h*]*eisi*, 'my companion', d'fhéadfaí *mo shéis-se*, 'my melody', a léamh.

Ní thuigim an léamh *subd*ur, agus déanaim amach gur ceart *subha* a léamh.

13d. B'fhéidir gur cheart *gru**amdha*** a choigeartú go *gruama* le dúnadh a chur ar fáil (*grua**ma mo**-chean*), óir is rann *iargcomhairc* é an chéad rann eile. Ní heol dom aon sampla den aidiacht seo atá deimhnithe ag an meadaracht.

14b. Glacaim leis gurb ionann *Martain mīliodh* agus Martin de Tours.

Giorrúcháin

BST L. McKenna (eag.), *Bardic Syntactical Tracts* (Baile Átha Cliath, 1944; athchló 1979).

DF E. Mac Neill agus G. Murphy (eag.), *Duanaire Finn: The Book of the Lays of Fionn*, 3 imleabhar (London, 1908–53).

HDGP P. Ó Riain, D. Ó Murchadha, K. Murray agus E. Nic Cárthaigh (eag.), *Historical Dictionary of Gaelic Placenames/Foclóir Stairiúil Logainmneacha na Gaeilge*, 9 imleabhar (London, 2003–24).

IBP O. Bergin (eag.), *Irish Bardic Poetry* (Dublin, 1970).

OED *Oxford English Dictionary* https://doi.org/10.1093/OED/1070293771 [ceadaithe 28 Samhain 2025].

Onom Edmund Hogan, *Onomasticon Goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae: An Index, with Identifications, to the Gaelic Names of Places and Tribes* (Dublin, 1910). Tá leagan digiteach Dhonnchadh Uí Chorráin ar fáil ag www.dias.ie/celt/celt-publications-2/ onomasticon-goedelicum/ (rochtain 27 Samhain 2025).

TD E. Knott (eag.), *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn (1500–1591)*, Cumann na Scríbheann nGaedhilge 22 agus 23 (London, 1922; 1926).

Leabharliosta

Breathnach, Pól 1931: 'Interpretanda', *Irisleabhar Mhuighe Nuadhad*, 37–46.

Breatnach, L. 2023: 'A fhir, ná hiad dreich Temrach', in Elizabeth Boyle agus Ruairí Ó hUiginn (eag.), *Codices Hibernenses Eximii III: Book of Uí Mhaine* (Dublin), 151–90.

Breatnach, R. A. 1958–61: 'Sanasáin Nua-Ghaeilge', *Éigse* 9, 159–71.
Flahive, Joseph 2007–10: 'A hero's lament: Aithbhreac inghean Coirceadail's lament for Niall Óg mac Néill', *Scottish Studies* 35, 106–19.
Kelly, Fergus (ed.) 2025: *The Triads of Ireland: An Old Irish Wisdom Text* (Dublin).
Mac Cárthaigh, Eoin 2015: 'Sléagar agus 'genitives lenited in special circumstances' i bhfilíocht na scol' in Caoimhín Breatnach agus Meidhbhín Ní Úrdail (eag.), *Aon don Éigse: Essays Marking Osborn Bergin's Centenary Lecture on Bardic Poetry (1912)*, 239–45.
Mac Erlean, John 1913: *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair/The Poems of David Ó Bruadair: Part II* (London).
McGettigan, Darren, 'O'Donnell (Ó Domhnaill), Sir Aodh Dubh', *Dictionary of Irish Biography* https://doi.org/10.3318/dib.006331.v1
McKenna, Lambert 1947: *The Book of Magauran/Leabhar Méig Shamhradháin* (Dublin).
—— 1951: *The Book of O'Hara* (Dublin).
Miller, A. W. K. 1879–80: 'O'Clery's Irish Glossary', *RC* 4, 349–428, 479–80.
Ní Bhuachalla, Brianán 2025: '*Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh*: eagrán nua', tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
Ní Laoire, Siobhán 1986: *Bás Cearbhaill agus Farbhlaidhe* (Baile Átha Cliath).
Nic Chárthaigh, Deirdre 2023: '*Athraigh gléas, a Ghiolla Íosa*: dán ar dhrochchláirseoir', *Ériu* 73, 29–41.
Ó Buachalla, Breandán 1989: 'Aodh Eangach and the Irish king-hero', in Liam Breatnach, Kim McCone and Donnchadh Ó Corráin (eds), *Sages, Saints and Storytellers*, 200–32.
Ó Caithnia, Liam P. 1982: *Apalóga na bhFilí, 1200–1650* (Baile Átha Cliath).
O'Grady, Standish Hayes 1892: *Silva Gadelica: A Collection of Tales in Irish*, 2 imleabhar (London and Edinburgh, 1892).
Ó Háinle, Cathal 1985: 'Flattery rejected: two seventeenth-century Irish poems', *Hermathena* 138, 5–27.
Ó Macháin, Pádraig 2007–8: 'The flight of the poets: Eóghan Ruadh and Fearghal Óg Mac an Bhaird in exile', *Seanchas Ard Mhacha* 21–22, 39–58.
—— (eag.) 2010: *The Book of the O'Conor Don* (Dublin).
Ó Raghallaigh, Tomás 1938: *Filí agus Filidheacht Chonnacht* (Baile Átha Cliath).
Ó Riain, Gordon 2025: *On the Faults of Poetry: An Edition of Irish Grammatical Tracts V* (Dublin).
Walsh, Paul 1933: *Gleanings form Irish Manuscripts* (Dublin).
Whelton, Marie 2008: *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge* (An Daingean).

Deirdre Nic Chárthaigh
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath